Téipscript

Topaic: **An Scoil**
Fothopaic: **Scoil Tuaithe**
Cainteoir: **Dara Ó Cinnéide**

Téann do leanaí-se go dtí scoil tuaithe atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Cad iad na buntáistí mar theaghlach atá ann daoibh?

Is iad na buntáistí a bhaineann le scoil tuaithe agus scoil Ghaeltachta mar theaghlach dúinne ná go bhfuil aithne ag na leanaí ar na héinne a théann ar scoil, go bhfuil aithne agamsa agus ag mo bhean chéile ar na tuismitheoirí. Sin ceann amháin. Uimhir a dó, is dócha go bhfuil sé fuirist iad a thabhairt ar scoil – ní chuireann cúrsaí tráchta isteach ná amach orainn i bparóiste beag tuaithe. Chomh maith leis sin, is dócha go bhfuil sé fuirist pobal a chruthú agus dá réir sin go bhfuil sé fuirist ar na leanaí agus ar mo chlann iníon cairdeas a dhéanamh le daoine mar tá aithne acu orthu sula dtosaíonn siad in aon chor agus is dócha go bhfanann siad dílis do na cairde sin an chuid eile dá saol, tá súil agam. Sin cuid de na buntáistí a bhaineann le bheith ag freastal ar scoil bheag tuaithe.

Nótaí:

- Tabhair faoi deara an focal ‘fuirist’ – leagan Muimhneach den fhocal ‘éasca’ nó ‘furasta’.